Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Eanáir 2022
(OR. fr)

5259/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0009(COD)**

**CODEC 32
JAI 39
DATAPROTECT 3
COPEN 11
FREMP 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/41/AE, a mhéid a bhaineann lena hailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 20 Eanáir 2021, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 16 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 14 Nollaig 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Léiríonn toradh vótála Pharlaimint na hEorpa an comhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart don Chomhairle, dá réir sin, a bheith in ann é a ghlacadh[2].

[1] 5678/21.
[2] 14974/21.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle[3][4] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 78/21 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

4. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] I gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 2a de Phrótacal Uimh. 22, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

[4] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.